Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10139/26**

**ECOFIN 747**
**UEM 225**
**SOC 335**
**EMPL 164**
**COMPET 694**
**ENV 637**
**EDUC 219**
**ENER 336**
**JAI 748**
**GENDER 75**
**JEUN 116**
**SAN 412**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 222 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Portaingéile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 222 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 222 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 222 final

Moladh le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Portaingéile

{SWD(2026) 222 final}

Moladh le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Portaingéile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin.

(2) An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán

[1] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj

(AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509([2]). Is é is aidhm don togra éifeachtacht an chistithe ón Aontas a mhéadú trí ilroinnt an ollstruchtúir airgeadais a laghdú agus trí thacú leis na Ballstáit a mbeartas eacnamaíoch a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 175 CFAE.

(3) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Portaingéile 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Phortaingéil ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([3]) an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(4) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an gCompás Iomaíochais, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch, ar cur chuige é lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(5) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ([4]). Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun, go háirithe iad

[2] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 - COM/2025/565 final. Tá an Rialachán atá beartaithe ina ábhar caibidlíochta leis na comhreachtóirí faoi láthair.

[3] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(6) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Phortaingéil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPortaingéil ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bPortaingéil. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Portaingéile ([5]). Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 5,0 % in 2025, 5,1 % in 2026, 1,2 % in 2027 agus 3,3 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 17,4 % in 2025, 23,4 % in 2026, 24,8 % in 2027 agus 28,9 % in 2028.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Tá iarrtha ag an gCoimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach ([6]) agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón bPortaingéil, ar an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Phortaingéil imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais ([7]). Leis an tréimhse ina ngníomhachtaítear an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), cuirtear ar a cumas don Phortaingéil tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfeadh caiteachas cosanta atá níos airde go marthanach an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma.

(9) An 30 Aibreán 2026, chuir an Phortaingéil Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn ([8]) isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na

---

5 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Portaingéile (IO C, C/2025/641, 21.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/641/oj).

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Caiteachas cosanta méadaithe a chumasú laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

7 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Phortaingéil imeacht ón uasráta fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú), (IO C, C/2025/3972, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3972/oj).

8 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_ga

príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Portaingéile i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) In 2025, ba é 1,9 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,2 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,7 % in 2026 agus faoi 1,8 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,0 % ann in 2026 agus 2,3 % in 2027.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil([9]), tháinig méadú ar bharrachas rialtais ghinearálta na Portaingéile ó bharrachas 0,6 % de OTI in 2024 go barrachas 0,7 % de OTI in 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 0,1 % de OTI in 2026 agus 0,4 % de OTI in 2027. Léiríonn an laghdú in 2026 den chuid is mó tionchar na mbeart tacaíochta rialtais a rinneadh mar fhreagairt ar stoirmeacha a bhuail an Phortaingéil i mí Eanáir agus i mí Feabhra, mar aon leis an tionchar a bheadh ag bearta beartais fhioscaigh breise atá ag dul in olcas ó thaobh na cothromaíochta de. Léiríonn an t-athrú ar an easnamh in 2027 den chuid is mó an tionchar a bheidh ag bearta breise beartais fhioscaigh lena dtéann an comhardú in olcas, lena n-áirítear pacáiste nua tithíochta agus laghdú ar cháin chorparáide.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([10]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 1.6 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 1.3 % de OTI, in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil([11]), tháinig laghdú ar ollfhiachas rialtais na Portaingéile ó 93,5 % de OTI ag deireadh 2024 go 89,7 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an laghdú ar an gcóimheas fiachais in 2025 príomhbharrachas agus difreálach fabhrach fáis úis den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 87,6 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 86,0 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn an laghdú in 2026 agus 2027 den chuid is mó an príomhbharrachas leanúnach a bhfuil coinne leis agus an difreálach fabhrach fáis úis.

(14) Ar bhonn sonraí ó Eurostat([12]), 0,8 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Portaingéile ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh an leibhéal céanna i gceist in 2026.

---

9 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

10 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

11 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Bealtaine 2026.

12 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,0 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an bPortaingéil chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[13]. Áirítear orthu sin laghdú neamhspriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar dhíosal agus ar pheitreal gan dáta éaga sonraithe, tacaíocht spriocdhírithe bhreise d'earnálacha an iompair, na talmhaíochta agus an iascaigh chomh maith le haistrithe spriocdhírithe chuig eintitis san earnáil shóisialta, cuideachtaí tacsaí agus comhlachais comhraic dóiteáin. Rachaidh na bearta tacaíochta spriocdhírithe in éag faoin 30 Meitheamh 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026, agus freisin dá gcuirfí síneadh leis na bearta sin go léir go dtí deireadh 2026.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Phortaingéil faoi 5,5 % in 2025 agus is fás carnach 18,7 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0.2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,4 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024 agus 2025 á gcur san áireamh le chéile, 0,4 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais go fóill. An tráth céanna, mar a tugadh faoi deara, bhí barrachas sa staid bhuiséadach le haghaidh 2025.

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Phortaingéil faoi 5,6 % in 2026 agus gur fás carnach 25,2 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0.2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,6 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, 0,6 % de OTI atá i gceist le diall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais go fóill. Ag an am céanna, mar a tugadh faoi deara, réamh-mheastar go mbeidh an staid bhuiséadach do 2026 gar don chomhardú.

(18) Fágann aosú an daonra in éineacht le daonra atá in aois oibre atá ag laghdú inbhuanaitheacht chóras pinsean na Portaingéile 'íoc-mar-a-úsáidtear' go mbeidh brú ar an gcóras sin sa mheántéarma. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú breise ar chaiteachas poiblí pinsin sa 20 bliain amach romhainn, ó 12,8 % in 2025 go 15,1 % in

---

[13] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

2045 ([14]), réamh-mheastar go mbeidh an tríú cóimheas caiteachais pinsin-OTI is airde de chuid na mBallstát uile ag an bPortaingéil in 2045, agus go mbainfidh caiteachas réamh-mheasta an chórais pinsin phoiblí buaicphointe amach in 2046. Sa Phortaingéil, tá an aois scoir reachtúil nasctha le hionchas saoil, d'fhonn inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a fheabhsú. Bhunaigh an Phortaingéil meitheal freisin a raibh sé mar chuspóir aici straitéisí a shainiú agus measúnú a dhéanamh ar thograí chun inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú, lena n-áirítear athmheasúnú ar an scéim luathscoir agus staidéar ar shásraí páirtscoir. Mar sin féin, níor thíolaic an mheitheal a tuarascáil go fóill, lena n-áirítear tograí beartais nithiúla, agus níl bearta nithiúla déanta ag an bPortaingéil a d'fhéadfadh cabhrú leis an mbrú ar chóras pinsin phoiblí na tíre a mhaolú. Ina theannta sin, tá scéimeanna pinsin fhorlíontaigh na Portaingéile fós tearcfhorbartha agus ní chumhdaíonn siad ach cuid an-bheag den lucht saothair. Baineann sé sin an bonn freisin ó acmhainneacht na Portaingéile coigilteas fadtéarmach a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla.

(19) Tá caiteachas cánach forleathan i gcóras cánach na Portaingéile, agus beagnach 800 caiteachas cánach éagsúil i gceist thar roinnt téacsanna dlíthiúla éagsúla. Is féidir caiteachas cánach sin a bheith ina uirlis éifeachtach chun cuspóirí sonracha beartais a bhaint amach. Mar sin féin, bíonn ioncam tarscaoilte mar thoradh air freisin, cuireann sé le castacht an chórais cánach agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige ar neamhionannas ioncaim. I gcomhthéacs an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá céim thosaigh glactha ag an bPortaingéil chun dul i ngleic lena líon mór caiteachas cánach trí aonad buan beartais cánach nua a bhunú (ar a dtugtar U-TAX) arb é is aidhm dó faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachas cánach. Mar sin féin, tar éis fhoilsiú thuarascáil mheasúnaithe U-TAX, tá gníomhaíocht éifeachtach chun caiteachas cánach a chuíchóiriú teoranta i gcónaí. In 2024, 4,3 % de OTI a bhí sa chaiteachas cánach breisluacha amháin. D'fhéadfadh úsáid fhorleathan rátaí laghdaithe agus idirmheánacha CBL le haghaidh seirbhísí fáilteachais (cóiríocht óstán, bialanna, agus seirbhísí lónadóireachta) dul chun tairbhe go díréireach do theaghlaigh ardioncaim. Cuireann go leor dreasachtaí agus díolúintí go mór le castacht an chreata cánach corparáide freisin. D'fhéadfadh an Phortaingéil éifeachtacht a córais cánach a fheabhsú trí chaiteachas cánach a chuíchóiriú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rátaí cánach breisluacha laghdaithe agus idirmheánacha agus laistigh den cháin chorparáide. Ina theannta sin, tá riaráistí cánach gan íoc na Portaingéile i gcoibhneas le OTI fós ar cheann de na riaráistí is airde san Aontas, d'ainneoin laghdú seasta ó bhí 2021 ann.

(20) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(21) Sa Phortaingéil, cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), tá sé fós faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun baint amach tapa na n-infheistíochtaí sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth

[14] An Coimisiún Eorpach 2024, Tuarascáil ar an Aosú: Réamh-mheastacháin Eacnamaíocha agus Bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2022−2070), Páipéar Institiúideach 279, Aibreán 2024

céanna. Tá an Phortaingéil ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, tá dúshláin fós le sárú ag an bPortaingéil maidir le cur chun feidhme, lena n-áirítear na dúshláin sin a bhaineann le moilleanna ar nósanna imeachta soláthair phoiblí mar gheall ar achomhairc, acmhainneacht theicniúil agus riaracháin theoranta, moilleanna ar thacaíocht a chonrú idir na húdaráis bhainistíochta agus na pobail idirbhardasacha atá freagrach as ionstraimí críochacha, nósanna imeachta fada ceadúnaithe thionsclaíoch agus ceadaithe, easpa pleanála intuartha, agus píblínte tionscadail aibí neamhleora. An tráth céanna, ní mór don Phortaingéil dlús a chur le cur chun feidhme CUAC toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Phortaingéil ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ([15]), tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(22) Tá roinnt dúshlán roimh an bPortaingéil a bhaineann le simpliú, an timpeallacht ghnó, taighde agus nuálaíocht, rochtain ar mhaoiniú agus ar mhaoiniú fáis, cáilíocht na reachtóireachta, iompar, fuinneamh in-athnuaite, bonneagar agus líonraí fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, beartas comhshaoil, bainistiú acmhainní, oiriúnú don athrú aeráide, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, scileanna agus oideachas, agus tithíocht.

(23) D’ainneoin an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas, tá ualaí riaracháin agus rialála fós ina srian mór ar ghnólachtaí a oibriú sa Phortaingéil. Cuireann na bacainní sin isteach ar tharraingteacht mhargaí na Portaingéile, laghdaíonn siad an iomaíocht agus baineann siad an bonn d’acmhainneacht ghnólachtaí na Portaingéile leathnú, nuáil agus borradh a chur faoina dtáirgiúlacht. Go háirithe, leanann gnólachtaí de nósanna imeachta fada maidir le ceadúnú tionsclaíoch agus ceadú a thuairisciú, nósanna imeachta a mheasann siad a bheith ina mbac mór ar infheistíocht. D’ainneoin roinnt dul chun cinn a rinneadh chun na próisis sin a ghiorrú agus a chuíchóiriú, tá deacrachtaí ag údaráis áitiúla na nósanna imeachta nua a chur chun feidhme, agus is féidir le cleachtais a bheith an-éagsúil ar fud na réigiún agus na mbardas. D’fhéadfadh an Phortaingéil éifeachtacht a rialála a chuíchóiriú agus a fheabhsú trí úsáid níos leithne a bhaint as meastóireachtaí beartais ex post chomh maith le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a neartú agus trédhearcacht a mhéadú agus beartais phoiblí á n-ullmhú. Tá íocaíochtaí déanacha fós forleathan, go háirithe sna hAsóir, agus in earnáil an chúraim sláinte.

(24) Braitheann gnólachtaí na Portaingéile go príomha ar iasachtaí bainc agus ar chistiú inmheánach. Le blianta beaga anuas, glacadh níos mó agus níos mó foinsí eile maoinithe, amhail caipiteal fiontair agus cothromais, ach níl siad chomh coitianta céanna le meán an Aontais, agus tá margaí caipitil na Portaingéile fós tearcfhorbartha. Sheol agus neartaigh údaráis na Portaingéile roinnt tionscnamh, amhail an ciste caipitlithe agus athléimneachta arna bhainistiú ag Banco Português de Fomento, cláir lena dtacaítear le gnólachtaí nuathionscanta nó lena ndírítear ar earnálacha sonracha, chomh maith leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar chód na margaí caipitil. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn chun go bhféadfaidh an Phortaingéil breith

[15] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

suas lena piaraí Eorpacha agus níos mó infheisteoirí agus infheistíochtaí cothromais phríobháidigh a mhealladh, lena n-áirítear trí ról agus acmhainneacht infheisteoirí institiúideacha a fheabhsú agus trí scéimeanna pinsin fhorlíontaigh a fhorbairt, rud a d'fhéadfadh foinse chobhsaí shuntasach caipitil fhadtéarmaigh a chur ar fáil do dheighleoga an chaipitil fiontair agus an chothromais phríobháidigh. D'fhéadfadh sé sin tacú leis an nuálaíocht, cur le cumas gnólachtaí áitiúla a n-oibriú a mhéadú agus a leathnú, cleachtais bhainistíochta a fheabhsú agus borradh a chur faoin táirgiúlacht. Tá litearthacht airgeadais sa Phortaingéil lag agus, i suirbhé Eorabharaiméadair 2023 ar litearthacht airgeadais, ní bhfuair ach 16 % de mhuintir na Portaingéile scór 'ard', an dara toradh is measa san Aontas. Chuir an Phortaingéil roinnt beart chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin, lena n-áirítear litearthacht airgeadais a áireamh i gcuraclaim scoile. Mar sin féin, d'fhéadfadh iarrachtaí breise chun litearthacht airgeadais a fheabhsú leithdháileadh coigiltis níos éifeachtaí a chumasú agus cuidiú le feabhas a chur ar thuiscint gnólachtaí ar na tairbhí agus na rioscaí sonracha a bhaineann le gach ionstraim maoinithe atá ar fáil.

(25) Tá an córas ceartais ag éirí níos éifeachtúla ach tá dúshláin fós le sárú aige le himeachtaí fada agus riaráiste suntasach cásanna, go háirithe i gcúirteanna riaracháin agus, ar bhonn níos lú, i gcúirteanna cánach. Tuairiscíonn gnólachtaí go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí sa chóras breithiúnach ar cheann de na príomhbhacainní ar a n-oibríochtaí ([16]). Beidh sé tábhachtach don Phortaingéil leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le riaráiste na gcásanna atá ar feitheamh a laghdú, chomh maith lena bhfad, sna cúirteanna céadchéime agus dara céime araon, agus a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil don chóras ceartais.

(26) Tá méadú tagtha ar an infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt le blianta beaga anuas ach ní leor é fós chun go mbeidh córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta na Portaingéile in ann teacht suas le meán an Aontais. Tháinig méadú ar sciar an chaiteachais ar thaighde agus forbairt i ndáil le OTI go 1,7 % in 2024, le tacaíocht ó mhéadú ar chaiteachas príobháideach, agus d'fhan déine an taighde agus na forbartha poiblí cobhsaí ag 0,6 %. Tá raon leathan clár curtha chun feidhme ag údaráis na Portaingéile chun tacú le taighde agus nuálaíocht, agus tá coinne leis go gcuirfear go leor acu i gcrích in 2026. Cé go bhfuiltear ag súil le tairbhí fadtéarmacha ó na cláir sin, bheadh gá le dreasachtaí leordhóthanacha don taighde, don fhorbairt agus don nuálaíocht tar éis a dtréimhse ama. Trí mheastóireacht a dhéanamh ar bheartais, trí dhíriú ar earnálacha a bhfuil an acmhainneacht fáis agus breisluacha is airde acu, agus trí shainiúlachtaí réigiúnacha a chur san áireamh, is féidir tacú leis sin. I ndáil leis sin, ba cheart do bheartais aistrithe éifeachtacha teicneolaíochta agus eolais idir gnólachtaí agus ionaid taighde a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar chumas ghnólachtaí na Portaingéile taighde agus nuálaíocht a dhéanamh.

(27) Tá an Phortaingéil fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise allmhairithe. Tá dúshláin thábhachtacha ag baint leis sin don tslándáil fuinnimh agus fágann sé sin go bhfuil an Phortaingéil leochaileach do shuaitheadh praghsanna. Is é an t-iompar an earnáil is mó a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na Portaingéile, agus tá sé ag brath go mór ar ola allmhairithe, arbh ionann í agus 93 % de thomhaltas deiridh iomlán fuinnimh an iompair. Tá fóirdheontais breosla iontaise ábhartha nach beag ag an bPortaingéil nach bhfuil sé beartaithe aici deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. Go háirithe, fóirdheontais breosla iontaise nach dtugann aghaidh ar

16 Staidéir ar Staidreamh Gnó, Costais Chomhthéacsanna Cuideachtaí (IACC), Institiúid staidrimh náisiúnta.

bhochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná nach bhfreagraíonn d'ábhair imní maidir leis an tslándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí iad a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile. Ní dhearna an Phortaingéil gníomhaíochtaí chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise amhail laghduithe cánach agus díolúintí do dhíosal do chuideachtaí lasta agus d'iompar poiblí, rud a cuireann leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus a dhídhreasaíonn réitigh iompair níos inbhuanaithe. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an bPortaingéil maidir le soghluaisteacht leictreach a chur chun cinn agus an flít feithiclí a dhícharbónú. Mar sin féin, ní leor an spriocdhíriú a dhéantar ar bhearta tacaíochta d'fheithiclí príobháideacha astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear feithiclí tráchtála iompair de bhóthar. Tá an dul chun cinn maidir leis an ngréasán iarnróid a fhorbairt a thuilleadh teoranta i gcónaí. Cé go bhfuil an t-iompar poiblí inacmhainne go ginearálta, ní leor an infhaighteacht i gceantair uirbeacha agus tá an gréasán lasmuigh de cheantair uirbeacha fós tearcfhorbartha, agus tá rochtain theoranta air i gceantair thuaithe. Bheadh gá le nascacht idir-réigiúnach a neartú go suntasach ar fud na modhanna iompair phoiblí uile, go háirithe an t-iarnród. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith aige sin freisin maidir leis an mbrú ar phraghsanna tithe i lárionaid uirbeacha a laghdú agus maidir le tarraingteacht críoch eile a fheabhsú.

(28) Tá ceann de na córais chumhachta is dícharbónaithe san Aontas ag an bPortaingéil. Mar sin féin, tá moilleanna fós ann mar gheall ar nósanna imeachta ceadaithe atá casta, fada agus nach bhfuil digitithe go leordhóthanach, go háirithe maidir le hacmhainneacht in-athnuaite nua ar scála na heangaí a chur in úsáid. Tá forbairt na bpobal fuinnimh in-athnuaite faoi stiúir na saoránach fós an-teoranta freisin. Rannchuidíonn sciar suntasach na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh le praghsanna mórdhíola leictreachais inacmhainne a áirithiú le linn na coinbhleachta leanúnaí sa Mheánoirthear. Mar sin féin, mar gheall ar sholúbthacht theoranta neamh-iontaise agus ionstraimí dí-rioscaithe atá gann, tá an Phortaingéil neamhchosanta ar bhuaiceanna praghsanna leictreachais. Ina theannta sin, tá glacadh comhaontuithe ceannaigh cumhachta teoranta i gcónaí. Chuideodh dreasachtaí chun conarthaí fadtéarmacha a fhorbairt a thuilleadh leis an margadh a dhéanamh níos cobhsaí trí ioncam fadtéarmach a áirithiú d'fhorbróirí. Tá teorainneacha ar acmhainneacht eangaí ag cur isteach níos mó agus níos mó ar nascadh tionscadal nua in-athnuaite, agus tá riaráiste méadaitheach tionscadal ag fanacht le nascadh agus méideanna suntasacha d'acmhainneacht leithdháilte nach bhfuil ag feidhmiú go fóill. Cé go ndearnadh roinnt beart chun acmhainneacht na heangaí atá ann cheana a mhéadú, ba cheart don Phortaingéil an trédhearcacht maidir le hacmhainneacht na heangaí dáileacháin atá ar fáil a mhéadú chun é a dhéanamh níos éasca d'fhorbróirí tionscadail nua a phleanáil agus infheistíocht a dhéanamh iontu, mar aon le bearta chun éifeachtúlacht na heangaí a fheabhsú amhail tionscadail hibrideacha a chur chun cinn agus feidhmchláir amhantracha a dhíspreagadh. Trí aghaidh a thabhairt ar scrogaill nósanna imeachta ceadaithe agus trí infheistíocht bhreise a dhéanamh in eangacha leictreachais, lena n-áirítear an t-idirnasc trasteorann leis an Spáinn a thabhairt chun críche, stóráil, freagairt don éileamh agus réitigh sholúbthachta eile a chur chun cinn, agus tríd an eangach a dhigitiú a thuilleadh, feabhsófar athléimneacht, cobhsaíocht agus slándáil an ghréasáin agus tacófar le hiarrachtaí leictriúcháin.

(29) Tá sciar mór de dhaonra na Portaingéile neamhchosanta ar bhochtaineacht fuinnimh. D'ainneoin cistiú suntasach, lena n-áirítear cistiú ó bhuiséad an Aontais, tá moilleanna cur chun feidhme fós le sárú ag scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh sa Phortaingéil mar gheall ar dhearaí casta éagobhsaí clár. Thug an Phortaingéil scéim isteach le

déanaí chun maoiniú príobháideach a shlógadh, cé go bhfuil a glacadh fós doiléir. Chun an spleáchas ard ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú agus chun srian a chur le tomhaltas fuinnimh, ba cheart don Phortaingéil dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh trí fheabhas a chur ar dhearadh scéime agus ar réamhphleanáil na nglaonna cistiúcháin, trí dhreasachtaí le haghaidh athchóirithe doimhne a neartú, trí scéimeanna maoiniúcháin a chur chun cinn chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh, trí dheireadh a chur le scrogaill rialála, go háirithe i gcás foirgnimh ilárasán agus foirgnimh phoiblí, agus trí thacaíocht deontasbhunaithe a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar theaghlaigh leochaileacha atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh.

(30) Cé nach bhfuil an Phortaingéil i measc na n-astaírí is airde san Aontas, níl laghdú suntasach ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tionscal. Tá níos mó ná leath den éileamh iomlán ar fhuinneamh tionsclaíoch fós i dtionscail dianfhuinnimh, amhail tionscal an pháipéir, tionscal na mianraí neamh-mhiotalacha agus earnáil an scagtha. Creataí rialála casta lena mbaineann leibhéil rialachais fhorluiteacha, próisis fhada cheadaithe, easpa intuarthachta, agus easpa creata rialála maidir le gabháil agus stóráil carbóin (GÚSC) agus bonneagar gaolmhar, is bacainní iad sin uile ar dhícharbónú earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo. I bhfianaise úsáid láidir fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile, in éineacht le córas leictreachais ard-dícharbónaithe, tá an Phortaingéil in ann a seasamh sa slabhra luacha a neartú chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ábhair inbhuanaithe chiorclacha a mhonarú. D'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint as tacaíocht a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr ar phróisis thionsclaíocha ísealcharbóin agus ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhonarú agus a chur in úsáid, as tacú le huas-scálú nuálaíochtaí, agus as earnálacha straitéiseacha ísealcharbóin a mhealladh amhail earnáil na gceallraí, an bhithmheatáin agus na hidrigine in-athnuaite.

(31) Is tearcfheidhmíocht shuntasach atá ag an bPortaingéil maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus táscairí bainistithe dramhaíola, i gcomparáid le spriocanna an Aontais agus le meán an Aontais araon. Tá an Phortaingéil fós ag brath go mór ar dhramhaíl chathrach a chur i líonadh talún, agus tá beagnach dhá thrian de láithreáin líonta talún gar don acmhainneacht; agus tá an baol ann nach mbainfidh sí amach sprioc 2035 an Aontais maidir le líonadh talún a laghdú go 10 % ar a mhéad. Tá roinnt dul chun cinn déanta trí thionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach a ghlacadh in 2026, cé go bhfuil a dtionchar fós le léiriú. Ba cheart don Phortaingéil leanúint den chreat straitéiseach atá ann faoi láthair a chur chun feidhme agus d'fhéadfadh sí tairbhe a bhaint as tuilleadh athchóirithe a achtú, lena n-áirítear úsáid ionstraimí eacnamaíocha a neartú, go háirithe samhail éigeantach 'íoc-mar-a-úsáidtear' a thabhairt isteach le haghaidh dramhaíl tí. Tá infheistíocht shuntasach de dhíth ar an earnáil, go háirithe i mbonneagar le haghaidh bailiú agus athchúrsáil roghnaitheach dramhaíola agus i bhforbairt nó in uasghrádú saoráidí cóireála dramhaíola chun dramhaíl ó líonadh talún agus ó loisceoirí a laghdú; de bhrí go mbeidh sé ríthábhachtach tacaíocht phríobháideach a shlógadh chun feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

(32) Tá ganntanas uisce roimh an bPortaingéil, go háirithe i réigiúin an deiscirt, arb é bonneagar neamhleor, an t-athrú aeráide agus éileamh ard is cúis leis i bpáirt. Ina theannta sin, tá éagothromaíochtaí suntasacha fós ann i bpraghsanna uisce ar fud na mbardas, rud is cúis le dreasachtaí difreálacha agus fritorthúla maidir le tomhaltas. Tá straitéis náisiúnta uisce á cur chun feidhme ag an bPortaingéil, ach tá dúshláin

thábhachtacha fós ann. Dá ndéanfaí rialachas in earnáil an uisce a chuíchóiriú, thacófaí le comhordú níos éifeachtaí ar fud na leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Chuideodh bearta atá dírithe ar an éileamh, lena n-áirítear athchóiriú ar phraghsáil uisce, le feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus le caipiteal a áirithiú chun uasghráduithe bonneagair a sholáthar, agus caomhnú agus éifeachtúlacht agus athúsáid uisce á ndreasú ag an am céanna. Tá gá le tuilleadh infheistíochta i mbailiú agus i gcóireáil fuíolluisce, sceitheadh líonra a laghdú, agus faireachán ar chainníocht agus ar cháilíocht uisce a neartú, lena n-áirítear astarraingt screamhuisce. Rannchuideodh réitigh dhúlrabhunaithe freisin le dobharlaigh a athshlánú agus le hacmhainn coinneála nádúrtha na dtírdhreach, na mbogach agus na n-aibhneacha a athbhunú, lena n-áirítear tuilemhánna.

(33) Tá an Phortaingéil an-leochaileach i leith an athraithe aeráide agus teagmhais adhaimsire ghaolmhara, mar shampla triomaigh dhiana, tuilte, falscaithe agus tonnta teasa. Mar gheall ar mhinicíocht agus déine mhéadaitheach na dteagmhas sin, tá gá le hobair atógála chostasach agus le hathshlánú an bhonneagair lena mbaineann, bonneagar criticiúil ina measc. Tá tionchar ag an méid sin ar go leor earnálacha, go háirithe earnáil na cumhachta, an talmhaíocht, an soláthar uisce, an fhoraoiseacht, an t-iascach agus an dobharshaothrú. Ina theannta sin, ní leor na leibhéil chosanta cósta atá ann faoi láthair chun damáiste eacnamaíoch méadaithe de bharr tuilte agus creimeadh cósta a chosc. Dá bhrí sin, bhainfeadh an Phortaingéil tairbhe as maoiniú leordhóthanach intuartha do bhonneagar criticiúil atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear eangacha leictreachais, iarnróid agus soláthar uisce. I bhfianaise na ndianfhalscaithe, ba cheart dlús a chur le hathchóirithe ar an mbeartas foraoise, agus ba cheart don Phortaingéil leanúint de bheith ag díriú ar shlabhraí luacha eacnamaíocha inmharthana a fhorbairt le haghaidh bithmhais foraoise, agus leas breise á bhaint as acmhainneacht an bhithgheilleagair chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a mhéadú. Rachadh sé chun tairbhe don Phortaingéil cur chuige struchtúrtha a ghlacadh maidir le maoiniú rioscaí tubaiste agus cumhdach árachais phríobháidigh méadaithe a chur chun cinn le haghaidh damáistí a bhaineann le tubaistí nádúrtha, ós rud é go bhfuil ceann de na sciartha is ísle de chaillteanais eacnamaíocha árachaithe san Aontas ag an bPortaingéil faoi láthair.

(34) Feidhmíonn córas sláinte na Portaingéile go réasúnta maith i dtéarmaí torthaí sláinte, ach tá dúshláin fós ann maidir le rochtain chomhionann ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe mar gheall ar ghanntanais leanúnacha foirne a bhaineann an bonn d'éifeachtúlacht na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte. Tá athchóirithe tábhachtacha tugtha isteach ag an bPortaingéil agus tá infheistíocht déanta aici i mbonneagar cúraim sláinte le blianta beaga anuas, lena n-áirítear trína Plean Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar sin féin, cuireann dúshláin shuntasacha maidir le folúntais a líonadh agus gairmithe cúraim sláinte a choinneáil sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte le hamanna feithimh fada leanúnacha agus le rochtain mhíchothrom ar chúram. I ndeireadh na dála, is mó an tionchar a bhíonn ag easnaimh an chórais ar ghrúpaí ísealioncaim agus leochaileacha, ós rud é gur minic nach mbíonn sé d'acmhainn acu leas a bhaint as roghanna príobháideacha chun freastal ar a riachtanais cúraim sláinte. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann freisin maidir le rochtain ar chúram sláinte, agus srianta níos láidre ann i limistéir ina bhfuil daonra an-mhór (áit a bhfuil an t-éileamh ar na seirbhísí níos airde) agus in áiteanna iargúlta a bhfuil meath déimeagrafach ag teacht orthu (i gcás nach leor dreasachtaí chun an lucht saothair is gá a mhealladh). Tá rochtain theoranta agus amanna feithimh fada ag cur freisin le cion ard na n-íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha chun freastal ar riachtanais cúraim sláinte. D'ainneoin roinnt beart a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an

nganntanas foirne – agus inbhuanaitheacht na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte á háirithiú ag an am céanna – dá gcuirfí tuilleadh feabhais ar dhálaí oibre gairmithe cúraim sláinte, d'fhéadfaí cuidiú le tarraingteacht na ngairmeacha sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a mhéadú agus le héifeachtúlacht an chórais a fheabhsú.

(35) Tá an Phortaingéil ar cheann de Bhallstáit an Aontais a bhfuil a dhaonra ag dul in aois go gasta, rud a thugann le tuiscint go bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim fhadtéarmaigh ann atá ag dul i méid. Mar sin féin, tá infheistíocht phoiblí i gcúram fadtéarmach i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus tá pleanáil an tsoláthair cúraim fhadtéarmaigh fós neamhchomhordaithe. Tá soláthar cúraim fhadtéarmaigh claonta i dtreo cúram cónaithe, agus d'fhéadfadh réitigh bhailebhunaithe agus phobalbhunaithe rannchuidiú le feabhas a chur ar chumas daoine maireachtáil go neamhspleách. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha ann freisin maidir leis an rochtain ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán ar fud na tíre, agus ní dhéantar freastal ceart ar cheantair thuaithe go háirithe. Bhí éifeachtacht theoranta ag na gníomhaíochtaí a rinne an Phortaingéil go dtí seo (feabhsuithe ar stádas cúramóirí neamhfhoirmiúla agus treoirthionscadal maidir le seirbhísí tacaíochta baile, mar shampla) nó níl ach cumhdach teoranta i gceist leo. Trí thacú le roghanna inacmhainne bunaithe ar riachtanais, lena n-áirítear trí chúram baile agus pobalbhunaithe a neartú, trí phleanáil a fheabhsú agus trí na bearnaí réigiúnacha a dhúnadh, d'fhéadfaí rannchuidiú le rochtain chomhionann ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú.

(36) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileann agus réimse an oideachais, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an bPortaingéil in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(37) D'ainneoin forbairtí dearfacha sa mhargadh saothair le blianta beaga anuas, tá neamhréireanna leanúnacha scileanna roimh an bPortaingéil. Is é is cúis leo sin mí-ailíniú an oideachais agus na hoiliúna le riachtanais mhargadh an tsaothair, chomh maith le torthaí neamhleora maidir leis an lucht saothair atá ar fáil a uas-sciliú agus a athsciliú, d'ainneoin bearta a rinneadh sa treo ceart, amhail oiliúint in inniúlachtaí digiteacha. Mar thoradh air sin, tá ganntanas lucht saothair i bpríomhearnálacha (amhail TFC, tógáil, cúram sláinte agus ceartas) agus tuairiscíonn gnólachtaí go bhfuil deacrachtaí acu oibrithe atá ar fáil a aimsiú a bhfuil an tacar ceart scileanna acu. Chuideodh beartais ghníomhacha níos éifeachtaí agus níos spriocdhírithe maidir leis an margadh saothair, go háirithe don óige, le neamhréireanna scileanna a laghdú agus le rochtain ar an margadh saothair a éascú don ghrúpa sin. Ag an am céanna, tá táirgiúlacht agus iomaíochas na Portaingéile fós srianta mar gheall ar leibhéil ísle scileanna an daonra fhásta. Tá rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach fós sách íseal, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí. D'fhéadfadh úsáid uirlisí faisnéise scileanna neamhréireanna a laghdú trí oideachas treasach, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim aosach a ailíniú níos fearr leis na scileanna is gá i margadh an tsaothair. Ina theannta sin, trí thorthaí agus rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a ardú, d'fhéadfaí borradh a chur faoi leibhéil scileanna i measc na ndeighleog den daonra ina bhfuil siad níos ísle, chomh maith leis na scileanna a theastaíonn ó gheilleagar atá ag athrú a chur ar fáil don lucht saothair atá ar fáil.

(38) Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an bPortaingéil le blianta beaga anuas maidir le leibhéil gnóthachtála oideachais a ardú. Ina theannta sin, tá laghdú leanúnach tagtha ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus tá sé i gcomhréir le sprioc 2030 an Aontais, agus tá rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Mar sin féin, tá treocht imníoch ann maidir le sealbhú bunscileanna i scoileanna. Idir 2018 agus 2022, tháinig méadú ar sciar na ndaltaí ísealfheidhmíochta sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht, agus tháinig laghdú ar sciar na scoláirí barrfheidhmíochta. Ina theannta sin, tá torthaí oideachais fós míchothrom do mhic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, ar mó an seans nach n-éireoidh go maith leo (mar shampla, tá 47 % de mhic léinn sa cheathrú socheacnamaíoch is ísle ag tearcghnóthachtáil sa mhatamaitic, i gcomparáid le 30 % ar an iomlán). Tá torthaí oideachais níos ísle ar an meán ag mic léinn de chúlra eachtrach freisin, mar aon le rátaí coinneála agus luathfhágála níos airde, tráth a mhéadaigh a sciar go thart ar 14 % de dhaonra na mac léinn san oideachas bunscoile agus meánscoile íochtaraí. Ag an am céanna, tá ganntanas múinteoirí fós sa chóras oideachais agus tá an baol ann go ndéanfar difear breise do cháilíocht agus cuimsitheacht an oideachais. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin chun tacú le forbairt scileanna, comhdheiseanna agus comhtháthú sóisialta.

(39) Thaifead an Phortaingéil ceann de na méaduithe carnacha is airde ar phraghsanna ainmniúla tithe le 10 mbliana anuas san Aontas, praghas a bhfuil níos mó ná dúbailt tagtha air ó bhí 2015 ann. Tá brúnna inacmhainneachta i bhfad níos airde i limistéir chósta agus uirbeacha. Tá míchothromaíochtaí struchtúracha fós ann idir soláthar agus éileamh. Léiríonn an Phortaingéil sciar réasúnta ard de theaghaisí nach n-úsáidtear mar phríomháiteanna cónaithe, agus líon suntasach maoine folmha agus tréigthe. Dá n-aistreofaí ó chánacha idirbhirt go cánachas athfhillteach, lena n-áirítear trí luachanna maoine cánach a thabhairt cothrom le dáta, d’fhéadfaí dreasachtaí a sholáthar d’úinéirí tí chun réadmhaoin tearcúsáidte a chur ar an margadh agus soghluaisteacht chónaithe a dhreasú. Tá méadú suntasach tagtha ar infheistíocht i dtithíocht shóisialta le blianta beaga anuas, le tacaíocht i bpáirt ó chistiú ón Aontas. Mar sin féin, tá na figiúirí reatha maidir le tithíocht inacmhainne agus shóisialta fós faoi bhun mheán an Aontais. Cé go bhfuil infheistíocht phoiblí fós lárnach, tá rannpháirtíocht ón earnáil phríobháideach ríthábhachtach chun tógáil a mhéadú agus chun freastal ar an éileamh, lena n-áirítear réitigh arna soláthar ag an tríú hearnáil amhail tithíocht chomhoibritheach. Chun soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta a mhéadú, ní mór gnéithe críochacha agus prionsabail an chuimsithe agus an neamhscartha a chur san áireamh. Mar aon le méadú de réir a chéile ar sholáthar, is féidir le liúntais tithíochta faoiseamh sealadach a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha, cé go mbainfeadh na scéimeanna atá ann cheana tairbhe as spriocdhíriú feabhsaithe. Ag an am céanna, tá méadú ag teacht i gcónaí ar an easpa dídine agus ar chineálacha eile eisiaimh tithíochta, agus tá difríochtaí réigiúnacha ann maidir lena éifeachtaí atá an chaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu. Ní bhaineann an Phortaingéil úsáid leordhóthanach as meastóireachtaí ex post rialta ná as mapáil rialta ar na riachtanais ina beartas tithíochta. Tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, gheobhaidh an Phortaingéil tacaíocht chun samhail náisiúnta a bhunú maidir le rialachas agus bainistiú sonraí tithíochta, rud ba cheart a bheith ina chuidiú chun an mheastóireacht agus an faireachán ar bheartais tithíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a neartú má chuirtear chun feidhme ina n-iomláine iad. Tá an comhordú atá ann faoi láthair idir údaráis lárnacha agus áitiúla, chomh maith leis an gcomhordú ar fud na pleanála tithíochta,

uirbí, spásúla agus iompair, ilroinnte i gcónaí. Thairis sin, is sásraí ad hoc den chuid is mó iad sásraí infheistíochta agus maoiniúcháin.

(40) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Portaingéile, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh, an naoú moladh agus an aonú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an dara moladh agus an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, agus cuidíonn moltaí (5) agus (6) leis an gcúigiú moladh maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme.

MOLANN SÍ LEIS SEO go ngníomhódh an Phortaingéil in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Agus riocht buiséadach atá i mbarrachas nó gar don chomhardú sa Phortaingéil á aithint, i bhfianaise na neamhréireachta a taifeadadh faoi 2025 agus atá réamh-mheasta le haghaidh 2026 ag an gCoimisiún i leith an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar, a áirithiú go n-urramófar leis an nglanchaiteachas na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025, agus úsáid á baint an tráth céanna as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas níos airde ar chosaint. Caiteachas agus ullmhacht i réimse na cosanta a threisiú agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú an tráth céanna, agus an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh in aon bheart a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Gníomhaíocht a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhioscach an chórais pinsean a áirithiú sa mheántéarma, agus scéimeanna pinsin fhorlíontaigh a chur chun cinn. Éifeachtacht an chórais cánach a fheabhsú, go háirithe trí chaiteachas cánach a chuíchóiriú.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh tosaíochtaí straitéiseacha agus solúbthachtaí san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Rialáil a shimpliú, feabhas a chur ar chur chun feidhme uirlisí rialála agus ar chomhordú ar fud leibhéil an riaracháin phoiblí. An t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, deireadh a chur le bacainní ar cheadúnú tionsclaíoch agus le bacainní eile ar a n-acmhainneacht uas-scálú. Infheistíocht phríobháideach i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach a chothú do ghnólachtaí áitiúla, agus leanúint den litearthacht airgeadais a fheabhsú. Éifeachtúlacht na gcúirteanna riaracháin agus cánach a mhéadú a thuilleadh, chun fad na n-imeachtaí a laghdú.

Fócas an bheartais eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht ar thaighde agus ar nuálaíocht a choinneáil ar bun.

4. Dlús a chur le dícharbónú an iompair, go háirithe trí dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise agus tríd an ngréasán iompair phoiblí a neartú. Conarthaí fadtéarmacha a chothú, dlús a chur le hinfheistíocht i réitigh sholúbthachta agus creat rialála intuartha a chur ar fáil. Acmhainneacht na heangaí tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a neartú, lena n-áirítear in idirnaisc leictreachais trasteorann, agus nósanna imeachta nasctha a fheabhsú. Dlús a chur le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh trí dheireadh a chur le scrogaill rialála agus riaracháin agus trí dhíriú ar theaghlaigh atá thíos le bochtaineacht fuinnimh. Dícharbónú na tionsclaíochta a chothú. Acmhainneacht bainistithe dramhaíola, cosc, athchúrsáil agus athúsáid a mhéadú. Feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus rialachas uisce a chuíchóiriú. Éifeachtúlacht uisce a fheabhsú agus réitigh dhúlrabhunaithe a fhorbairt. Aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid trí bhainistiú inbhuanaithe foraoisí agus talún a neartú, dlús a chur le díonadh ar an athrú aeráide a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil agus cumhdach árachais phríobháidigh méadaithe a chur chun cinn in aghaidh damáistí a bhaineann le tubaistí nádúrtha.

5. Rochtain chomhionann ar chúram sláinte ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais foirne cúraim sláinte, agus inbhuanaitheacht na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte á caomhnú ag an am céanna. Rochtain chomhionann ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán a áirithiú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus trí réitigh cúraim baile agus phobalbhunaithe a neartú. Aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna scileanna agus feabhas a chur ar leibhéil scileanna, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a chur chun cinn agus trí oideachas, oiliúint agus foghlaim aosach a dhéanamh níos ábhartha do riachtanais mhargadh an tsaothair. Torthaí oideachais níos fearr a chur chun cinn, go háirithe do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste.

6. Aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta, go háirithe trí dhreasachtaí a chruthú chun an stoc tithíochta a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear tríd an meascán cánach a athchalabrú. Soláthar tithíochta a leathnú a thuilleadh, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne agus shóisialta. Comhordú agus rialachas an bheartais tithíochta a neartú, mar aon le pleanáil chomhtháite uirbeach, spásúil agus iompair.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*